

Ceacht Tógála le Ranganna Naíonán go dtí 6 'Tógálacha le Páipéar Roctha' Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Tógáil (Curaclam Amharcealaíona lgh. 22, 38, 56, 74)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Fiosraigh agus déan triailacha le hairíonna agus saintréithe na n-ábhar agus struchtúir á ndéanamh (lgh. 22, 38, 56, 74)</i>
<u>Nasc:</u>	<p>Prionta > Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh simplí priontaí (lgh. 20, 34)</p> <p>Cré > Féidearthachtaí cré mar mheán don chur in iúl samhlaíoch a scrúdú agus a fhionnachtan (lgh. 36, 54, 72)</p> <p>Péint agus Dath > An gaol atá idir an dóigh a mhothaíonn rudaí agus a ndreach a iniúchadh (lgh. 19, 32)</p>
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	<p><i>Teanga labhartha: Bain triail as focail thuairisciúla chun sonraí mionléirithe a chur leo (lch. 18)</i></p> <p><i>Bain triail as foclóir agus struchtúr abairte níos casta a úsáid chun brí a leathnú agus a fhiosrú (lch. 27)</i></p> <p><i>Sealanna cainte a thabhairt agus a ghlacadh, agus taithí a fháil ar thimpeallacht ranga ina gcothaítear caoinfhuilg i leith tuairimí daoine eile (lch. 38)</i></p> <p><i>Féidearthachtaí teanga agus struchtúr abairte a fhiosrú chun smaointe casta a chur in iúl (lch. 50)</i></p>

An Gníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithe lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealaí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sínn amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dinn!”

Ábhair Riachtanacha: Páipéar
Cárta
Criáin
Gliú nó PVA
Soithigh éadoimhne don ghliú m.sh. Clúdaigh ‘Pringle’

Spreagadh: Na hábhair

Gníomhaíocht: Tosaíonn an gníomhaíocht seo leis na leanaí ag líonadh bileog páipéir A4 le cuimilteáin de dhromchlaí éagsúla sa seomra ranga, m.sh. barr na mbord, cathaoireacha, boinn bhróga, urláir, ballaí, bloic Lego, bricí ‘stickle’, málaí, srl. Cuir an focal ‘uigeacht’ i láthair agus spreag na leanaí chun uigeachtaí dromchlaí éagsúla a mhothú agus cur síos a dhéanamh orthu. Athraigh dath an criáin do gach dromchla agus déan iarracht dathanna éagsúla a chuimilt ar a chéile. Iarr ar na leanaí cur síos a dhéanamh ar an rud a tharlaíonn nuair a thagann an dá dhath le chéile. Nuair a bhíonn an leathanach lán cuir na leanaí ina suí arís agus iarr orthu amharc ar an leathanach. “Nuair a fhéachann tú ar na huigeachtaí sin go léir cad air a bhíonn tú ag smaoineamh? An gcuireann sé aon rud a chonaic

tú riamh cheana i gcuimhne duit? An bhfeiceann tú na huigeachtaí uile atá cuimilte agat? Mothaigh iad, an féidir leat mothú an leathanaigh a mhíniú? Déanfaimid roinnt draíochta anois! Athróimid an bhileog páipéir seo ó 2-T go 3-T! Déan do leathanach a chornadh ina liathróid agus fáisc é chomh láidir agus is féidir leat. Fáisc arís é! Oscail amach é agus mothaigh é. An mothaíonn sé mar an gcéanna? Conas ar athraíomar an páipéar? Cad atá déanta againn leis an uigeacht? Fáisc go teann arís é. Dúnaimís ár súile anois agus osclaímís doras ár samhlaíochta. Nuair a osclaímíd an liathróid páipéir, *go han-mhall*, tarlóidh rud éigin iontach. Tá rud éigin sa liathróid páipéir seo nach féidir le duine ar bith a fháil ach tú féin! Féach go cúramach air agus cas i do lámh é. Nuair a chuireann sé rud éigin i gcuimhne duit, éirí as é a oscailt agus amharc go cúramach air”. Nuair a luann na leanaí cruth (ainmhí, bréagán, duine, áit, tá an liosta gan teorainn), greamaigh ar an gcárta le glíú é agus mol don leanbh áit nó suíomh a líniú dá bhfionnachtán. *Tuigim gur smaoineamh teibí é seo agus go bhfuil sé deacair é a shamhlú, agus mar sin tá pictiúir de dhéantúis pháipéir a rinne leanaí curtha isteach agam. Feicfidh tú chomh difriúil is a bhíonn na smaointe agus an chruthaíocht iontach a bhíonn ag leanaí gan acu ach liathróid de pháipear daite! Is féidir na hiomhánna seo a bhreathnú i bhformáid níos mó i rannóg sleamhnán an tsuíomh idirlín.*



Pluais na Síoga (Naíonán Sóisear)



Nead Éin (Naíonán Sóisear)



Ulchabhán (Rang 5)



‘Fear Cúir’ (Rang 5)

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun faire go cúramach agus an páipéar á oscailt acu. Bheadh ar roinnt de na leanaí liathróid pháipéir a dhéanamh níos mó ná uair amháin sula dtiocfadh aon rud amach dóibh. Nuair a bhíonn an déantús greamaithe síos acu agus cúlra línithe tabhair deis dóibh a gcuid fionachtana a thaispeáint dá chéile agus spreag iad chun ceisteanna a chur ar a chéile.

Gníomhaíochtaí Breise:

Is breá le leanaí an ghníomhaíocht seo agus is maith leo rudaí nua a fháil trí uigeachtaí agus dathanna a athrú. Féadfaidh siad blúirí fabraice a úsáid freisin chun cur lena ndéantúis.

Féidearthachtaí TCF:

B’fhéidir gur mhaith leis na leanaí grianghraif dá ndéantúis a scanáil agus scéilín a scríobh fúthu ar an ríomhaire.

Ag baint úsáide as an DVD

Is Ealaíontóir mé: Tugann na cláir *Tógáil* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh déantús le réimse páipéir agus cárta.

Nóta: Is aoibhinn liom an ceacht seo a dhéanamh le gach rang sa scoil mar go scaoileann sé samhlaíocht na leanaí saor agus is mór an taitneamh a fhaigheann siad as a gcuid smaointe a fheiceáil i bhfoirm intadhaill. Is é mo thaithí gur fearr méar a úsáid chun an páipéar a ghreamú le PVA ná leatóirí gliú. Ní maith liom na leatóirí a úsáid mar gheall ar go mbíonn an gliú ag síleadh ar fud na háite. Is maith le leanaí an gliú tirim a tharraing dá méara agus bíonn sé níos slachtmhaire agus níos tapúla mar bhealach chun glanadh suas a dhéanamh.

Ealaíontóirí Ábhartha: Alexander Calder (chun móibílí samhlaíocha a chur i láthair na leanaí)
Niki de Saint Phalle
Ealaíontóirí eile a bheadh ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Tugann an suíomh seo míniú ar an ndealbhadóireacht agus tá sé oiriúnach do Ranganna 3 go dtí a 6

<http://www.accessart.org.uk/whatisssculpture/whatisssculpture.htm>

Tá íomhánna de shaothar Caldear ar an suíomh seo agus tugann sé beathaisnéis ghearr faoin ealaíontóir a bhfuil cáil air as an móibíl a chruthú.

<http://www.nga.gov/feature/artnation/calder/>

Is suíomh idirghníomhach é seo a ligean do leanaí a gcolláisi féin a chruthú ar líne.

<http://www.nga.gov/kids/zone/collagemachine.htm>

Tá déantúis/dealbhadóireachtaí iontacha le Nike de Saint Phalle ar an suíomh seo (tá a dealbh papier maché *Big Bird* ar leathanach 101 de Threoracha an Mhúinteora)

<http://www.nikidesaintphalle.com/walk.html>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga

<http://www.scoilnet.ie>